C/2025/2625

7.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11944 — MMG LIMITED / ANGLO AMERICAN'S BRAZILIAN NICKEL BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2625)

1. An 23 Aibreán 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— MMG Limited ('MMG', an Astráil), atá faoi rialú China Minmetals Corporation (an tSín),

— Anglo American's Brazilian nickel business ('Anglo Nickel Brazil', an Bhrasaíl), atá faoi rialú Anglo American plc (an Ríocht Aontaithe)

Gheobhaidh MMG rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Anglo Nickel Brazil ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn agus forbraíonn MMG tionscadail chopair, since agus táirmhiotail eile ar fud na hAstráile, Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, na Botsuáine agus Pheiriú,

— Déanann Anglo Nickel Brazil mianadóireacht ar nicil, í a phróiseáil agus í a dhíol.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11944 — MMG LIMITED / ANGLO AMERICAN'S BRAZILIAN NICKEL BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.